Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7153/26**

**COPS 141**
**EUMC 93**
**POLMIL 118**
**MOG 65**
**MAMA 62**
**COAFR 64**
**CFSP/PESC 370**
**CSDP/PSDC 151**
**PSC DEC 7**
**ASPIDES 18**
**ATALANTA 17**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le glacadh le rannchuidiú tríú Stát le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) (EUNAVFOR ASPIDES/3/2026) |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**maidir le glacadh le rannchuidiú tríú Stát le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) (EUNAVFOR ASPIDES/3/2026)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle an 8 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES)[1],

[1] IO L, 2024/583, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/583/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 7(2) de Chinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le glacadh leis na rannchuidithe atá beartaithe ó thríú Stáit le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAFOR ASPIDES), ar mholadh ó Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh agus ó Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh.

(2) Tar éis moltaí a fháil ó Cheannasaí Oibríochta an Aontais agus ó Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh i dtaca le rannchuidiú ó Ríocht na hIorua, ba cheart glacadh leis an rannchuidiú sin agus é a mheas mar rannchuidiú suntasach.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Glactar le rannchuidiú ó Ríocht na hIorua le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES), agus meastar gur rannchuidiú suntasach é.

2. Tá Ríocht na hIorua díolmhaithe ó ranníocaíochtaí airgeadais a dhéanamh le buiséad EUNAVFOR ASPIDES.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*